CEACHT **6**

TIMPISTE



A. Athdhéanamh ar chuid den fhoclóir a múineadh,
m.sh. Bréagáin na bpáistí: carr, bábóg, pram, etc.

Abairtí úsáideacha i ngnáthchaint na scoile a chleachtadh,
m.sh. Suigh síos.
Suífidh mé síos.
Tóg amach do leabhar.
Tógfaidh mé, etc.

B. Cloisteáil, Aithint, Aithris

Bunchomhrá

Tá Colm sa chlós. Tá sé ag caoineadh. Thit sé. Tá a ghlúin ag cur fola. Tháinig an múinteoir. Nigh sí a ghlúin. Thug an múinteoir milseán do Cholm. Tá áthas air anois.

C. Cleachtadh

Cá bhfuil Colm? Céard atá sé a dhéanamh/Cad atá á dhéanamh aige?
Céard/Cad a tharla dó? Conas atá/Cén chaoi a bhfuil a ghlúin?
Cé a tháinig? Céard/Cad a rinne sí?
Céard/Cad a thug an múinteoir do Cholm?
An bhfuil áthas air anois?

Cleachtadh a thabhairt do na páistí ar chuid de mhúnlaí an Bhunchomhrá,
m.sh. Thit **Colm, mé/tú/sé/sí.**
Thug an múinteoir milseán **do Cholm, dom, duit, dó, di.**

D. Leathnú

(a) **Amhrán 'Seáinín ar a Rothar'**

I

Seáinín ar a rothar,
Ag imeacht síos an bóthar,
Seáinín ar a rothar,
Aon, dó, trí.

(b) **Scéilín,** leanbh a thit sa chlós.